



Tacair a Dhéanamh

Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Uimhreas	Úsáidí an Uimhris

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spráíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann feasacht a fhorbairt ar an gcaoi a bhfuil réimse bealaí ann inar féidir úsáid a bhaint as uimhreacha.	Seasann uimhreacha do chainníocht nó don mhéid taobh istigh de thacar (bunuumhreach).

Mata a Fhoghlaim

Forbrófar tuiscint an fhoghlaiméora san eispéireas foghlama seo ar phrionsabal na bunuumhreach. I ngrúpaí, caitheann na foghlaiméoirí díisle agus cruthaíonn siad tacar den líon sin réad. Má chaitear uimhir 3, déanann gach duine sa ghrúpa, grúpa de thrí réad ach úsáid a bhaint as réimse ábhar amhail licíní, ciúbanna, naisc etc. Déanann na foghlaiméoirí plé ar na grúpaí a rinne siad, e.g. tá an chosúlacht ar an ngrúpa sin a bhfuil trí nasc ann go bhfuil sé níos mó ná an grúpa de thrí licín mar thoradh ar na naisc a bheith níos mó ná na licíní. Daingníonn na foghlaiméoirí a gcuid foghlama ach léiriú físiúil a chruthú, rud a chuidíonn leo an nasc a dhéanamh idir na léirithe nithiúla agus pictiúrtha. Déantar an ghníomhaíocht seo arís agus arís eile le haghaidh uimhreacha eile ar an díisle.

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Fadhbanna a Réiteach
<i>An foghlaiméoir</i>			
Aithníonn sé go seasann grúpaí réad d'uimhir agus go gcuimsítear na réada ar fad sa tacar leis an uimhir dheiridh a dúradh.	Cruthaíonn sé léiriú físiúil dá thacar trí líníocht nó trí ghrianghraf a ghlacadh.	Insíonn sé don mhúinteoir agus dá phiaraí faoi na tacair a rinneadh. Aithníonn sé nach n-athraíonn an uimhir fiú má scaiptear na réada amach.	Cuireann sé fadhbanna faoi bhráid a phiaraí, e.g. Déan tacar atá níos mó ná 5 nó níos lú ná 4.



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Cuir comhthéacsanna saibhre agus bríocha ar son na foghlama ar fáil ach an ghníomhaíocht a cheangal le scéalta agus rímeanna agus iad ag teacht chun cinn, e.g. cuir 5 fhrog ar an lomán nó cuir 3 úll i gciseán an Chochoillín Dheirg.	Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí tacair réad a chruthú le linn Aistear, e.g. plandáil grúpa de chúig phlanda, cuir 6 bhriosca ar an bpláta. Iarr ar na foghlaimeoirí tacair a dhéanamh a chlúdaíonn níos mó spáis ná a lámh/níos lú spáis ná nóta greamaitheach.
	Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí taifead a dhéanamh ar a dtacair ar réimse bealaí agus chun úsáid a bhaint as réimse ábhar e.g. tarraing pictiúr de do thacar is fearr leat.
Tascanna atá Dúshlánach go Cognáíoch a Úsáid	Cómhrá Mata a Chur Chun Cinn
Cuidigh leis na foghlaimeoirí ceangail a dhéanamh idir an t-eolas a bhí acu cheana agus an fhoghlaim nua. Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí úsáid a bhaint as réimse ábhar chun tacair a chruthú ar roinnt bealaí.	Cuir timpeallacht shábháilte ar fáil inar féidir leis na foghlaimeoirí a gcuid smaointeoireachta agus smaointe a roinnt agus a mhalartú. • Inis dom faoi do thacar. • Céard é an tacar ag a bhfuil níos mó réad? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat?
Measúnú a dhéanamh ar an Matamaitic	
• An féidir leis na foghlaimeoirí tacair a chruthú chun an uimhir ar an díse a bhaint amach? • An dtuigeann na foghlaimeoirí go seasann an uimhir don chainníocht nó don mhéid taobh istigh de thacar? • An bhfuil na foghlaimeoirí in ann a aithint go bhfanfaidh líon na réad mar a chéile má scaiptear na réada amach níos mó?	
Foinse	
Pitt, E (2005) <i>Ready Set Go Maths</i> , lch 138	